An Roinn Oideachais agus Eolaíochta
SCRÚDÚ ARDTEISTIMÉIREACHTA 1999

**M.66T**

Ba chóir an páipéar seo a thabhairt d'iarrthóirí ar an Déardaoin 6ú Bealtaine 1999 133

EALAÍN

# OBAIR CHEARDAÍOCHTA

GNÁTHLEIBHÉAL

DÉARDAOIN, 13 BEALTAINE, MAIDIN 9.30 - 12.00 TRÁTHNÓNA 2.00 - 4.30

## Tá 100 marc ag dul don pháipéar seo

**TREORACHA**

(a) Is ceadmhach úsáid a bhaint as cibé ábhair agus uirlisí is gá leis an trialacha a chríochnú.
(b) Is ceadmhach úsáid a bhaint as foinsí dearaidh ar nós duilleoga, coirt, adhmaid farraige, cnámha, sliogáin, plandaí bláthanna, páirteanna de mheaisíní agus araile.
(c) Ní mór duit **d'Uimhir Scrúdaithe** a scríobh go soiléir ar gach leathanach líníochta, ar d'obair cheardaíochta agus ar an lipéad atá greamaithe go daingean di.
Ba chóir freisin uimhir na ceiste, an cineál ceardaíochta agus an leibhéal atá tógtha agat - Gnáthleibhéal - a scríobh ar an lipéad chomh maith.
(d) Ba chóir réamh-sceitsí agus líníocht dheiridh ded smaoineamh dearaidh san Obair Cheardaíochta a chur isteach le d'obair cheardaíochta críochnaithe.

**N.B. Tá na réamh-sceitsí luaite thuas le déanamh i rith tréimhse an scrúdaithe agus ní hionann iad agus na sceitsí ullmhúcháin atá ceadaithe ag iarrthóirí a bhreith isteach leo sa seomra scrúdaithe mar cabhair leis an cuimhne.**

**ROGHNAIGH CEANN AMHÁIN DE NA CEARDAÍOCHTAÍ SEO A LEANAS**

1. **LEABHARCHEARDAÍOCHT**
Dear agus déan fillteán do ghearrtháin ar SHEODA ÓN gCIANAIMSIR nó ar DHOMHAN AN GARRAÍODÓRA. Bain úsáid as ábhair, dath agus litreacha oiriúnach.

2. **PEANNAIREACHT**
(a) Roghnaigh ceann de na dánta seo a leanas. Déan ceapachán cothrom agus litreoireachta sciliúil, léiritheach agus íomhánna simplí á n-úsáid agat a chuideoidh le brí an dáin a chur in iúl. Is féidir úsáid a bhaint as cuid den dán nó as an dán iomlán.

**NÓ**

(b) Roghnaigh ceann de na dánta seo a leanas mar inspioráid do cheapachán agus litreoireacht sciliúil agus léiritheach á úsáid agat. Is féidir leat dath, éagsúlacht méide sna litreacha, teicníochtaí innigh nó colláis nó leagan amach neamhchoitianta a thabhairt isteach de réir mar is cuí. Is féidir úsáid a bhaint as cuid den dán nó as an dán iomlán.

**TÉACS 1**

Chonaic mé Péacóg le eireball tintrí,
Chonaic mé Coiméad bladhaireach ag scaoileadh clocha sneachta,
Chonaic mé Scamall agus eighneán mórthimpeall air,
Chonaic mé Dair láidir ag snámh ar an talamh,
Chonaic mé Gloine Veinéiseach a bhí sé troigh déag ar doimhne,
Chonaic mé Tobar a bhí lán leis na deora a shileann daoine,
Chonaic mé a gcuid Súile faoi bharr lasrach,
Chonaic mé Teach a bhí chomh mór leis an ngealach agus níos airde ná í,
Chonaic mé an Ghrian fiú i lár na hoíche
Chonaic mé an Pobal an chonaic an radharc íontach seo.

<u>**NÓ**</u>

**TÉASC 2**

Gualainn amháin thuas, ceann eile thíos,
A hata ar cheann scuaibe,
Chonaic mé an fear bréige ina sheasamh
Ag gardáil an talamh grian lasta a bhí faoi shíol.

Sheas mé tamall, agus ní raibh de dhánacht ag préachán
dul i ngar do na claiseanna saibhre.
Ach nuair a thug mé mo chúl leis
Thugadar faiun obair cosúil le feirmeoirí.

(H. L. Doak)

**3. <u>FÍODÓIREACHT</u>**

Fígh píosa ábhair a bheadh oiriúnach do mhála iompair nó do chlúdach cathaoireach.

<u>**NÓ**</u>

Fígh taipéis bheag bunaithe ar phatrúin, ar innigh agus ar dhathanna a shamhlaíonn tú le:
(a) Goirt san Earrach nó san Fhómhar, (b) an spéir ag éirí nó ag dul faoi na gréine, nó (c) foirgnimh tréigthe.

**N.B.** Bain úsáid as éagsúlacht snáthanna agus comhdhéanamh san inneach. Is ceadmhach ábhair eile a úsáid chun cur le héifeachtacht do dhearadh.

**4. <u>LÍONÓILGHEARRADH</u>**

Dear agus déan prionta, ag úsáid líonóil, bunaithe ar cheann amháin de na téamaí seo a leanas:

**(a)** An clár-scátalaí.
**(b)** Díonta na cathrach.
**(c)** Éin ar eitilt.

**N.B.** <u>Ní chóir</u> bloc líonóile a thabhairt suas i dteannta na prionta chun na marcála.

**5. <u>PUIPÉADACHT</u>**

Dear agus déan puipéad buanfasach inoibrithe ag baint úsáid as ceann de na téamaí seo a leanas.
<u>Is gá</u> sceitsí ullmhúcháin agus réamh-sceitsí a chur isteach i dteannta leis an bpuipéad deiridh.

**(a)** Robin Hood nó Maid Marian.
**(b)** Troll nó créatúr arrachtach eile.
**(c)** An carachtar 'Scrooge' ó Oliver Twist le Charles Dickens.

**6. <u>SCÁTHLÁNPHRIONTÁIL</u>**

Dear agus déan prionta bunaithe ar cheann amháin de na téamaí seo a leanas:

**(a)** Ag an Marglann.
**(b)** Rinceoirí.
**(c)** Sliogáin agus éisc sliogacha.

## 7. TEICSTÍLÍ LÁMHPHRIONTÁILTE

**A.** Dear agus priontáil timpeall leathmhéadar de phatrún bunaithe ar cheann amháin de na téamaí seo a leanas:

(a) Dreoilíní teaspaigh agus criogair féir.
(b) Gléasra Tí.
(c) Bláthanna agus luibheanna.

**NÓ**

**B. BAITIC**

Dear agus déan painéal bunaithe ar cheann amháin de na téamaí seo a leanas.
Bíodh a laghad agus is féidir de dhathadóireacht láimhe ar an bhfabraic.

(a) Fléanna agus Féilte.
(b) Balúin agus Aerloinge.
(c) Clann Lir.

## 8. CRIADÓIREACHT

Nuair a chuaigh mé féin is mo chairde
chun na cathrach Dé Sathairn
Tharraing fuinneog amháin ár náird
Tancanna gloine de nathracha nimhe agus de laghairteanna ghlasa agus dhonna
Toirtísí dhúra, cocatúnna uaibhreacha
Gearrchearca geal-chleiteacha ag piocadh sa ghriothal.

(John Hewitt)

Agus na línte thuas mar ionsparáid agat, dear, déan agus maisigh ceann acu seo a leanas:

**(a) Pláta mór imeall-maisithe.**
**(b) Coimeadán a bheadh oiriúnach do uirlisí cistine.**
**(c) Coimeadán do thaosfiacal agus do scuab fiacal.**
**(d) Plaic reilífe do Shiopa Peataí. Níor chóir litreoireacht a bheith mar chuid de.**

Nóta:- Níor chóir don phíosa criadóireachta críochnaithe dul thar 30 cm sa toise is mó agus **is gá** é a bhácáil. Is féidir do rogha teicníc tógála a úsáid nó meascán chomhdhéanamh de theicnící éagsúla. Maisigh de réir mar is féidir le glonraí, le sleamhnáin, le hocsaídí agus araile. Ná déan péinteáil agus vearnaiseáil ach ar earraí a bhácáiltear go timpeall 1000C. Is ceadmhach duit ábhair eile a chur leis an bpíosa crícohnnaithe más mian leat.

SEACHAIN GLOINE BASCTHA A SPRÉ AR PHOTAÍ NACH BHFUIL BÁCÁLTA.

## 9. BRÓIDNÉIREACHT

**A.** Dear agus déan painéal bheag do CHEANN AMHÁIN díbh seo a leanas: (a) T-léine dhubh, (b) bástchóta, (c) mála tráthnóna.
Bain triail as greimeanna éagsúla, snátha daite, clocha agus éifeachtaí 3D.
Bain úsáid as ar a laghad trí ghreim éagsúil.

**NÓ**

**B.** Dear agus déan bróidnéireacht ar chrochadán balla cunaithe ar CHEANN AMHÁIN díbh seo a leanas:

(a) Bláthanna fiáine, féir, ceannsíolta agus cochall síolta.
(b) Loing Seoil sa chuan.
(c) Oráistí agus líomóidí.

Bain úsáid as ar a laghad trí ghreim éagsúil agus éifeachtaí 3D.

**10.** **SNOÍODÓIREACHT ADHMAID**

Dear agus snoigh painéal rilífe maisithe le crochadh ag an mbealach isteach chuig Seomra Ealaíne. Is gá duit uimhir an tseomra in uimhreacha Rómhánacha a bheith mar chuid den dearadh. Dear do chuid uimhreacha féin, más mian leat é.

**NÓ**

Sniogh painéal rilífe maisithe le crochadh taobh amuigh de shiopa iascaireachta. Ní gá duit litreoireacht a úsáid.

**11.** **MIOTALÓIREACHT**

**(a)** Dear agus déan aghaidh chloig agus ainmhí nó ainmhithe mar inspioráid mhaisithe agat.
Bain úsáid as miotal agus cruain. Ni gá duit lámha an chloig a dhéanamh ach ba chóir duit a léiriú conas mar ba mhaith leat go bhféachaidís i do obair ullmhúcháin.
20 cm sa toise is mó.

**NÓ**

**(b)** Dear agus déan lógo a bheadh oiriúnach do chomhlacht fearas spóirt.
20 cm sa toise is mó.

**12.** **MÚNLOIREACHT**

**(a)** **Dear agus múnlaigh sa chruinne nó i rilíf saothar a léireóidh an sliocht seo a leanas:**

Tá an ***Triceratops*** ar an dionosár adharcach is aitheanta. Bhí sé ollmhór agus bhí trí adharc air: ceann ar a shrón agus dhá cheann os cionn a shúile. Bhí rúfa muiníl le imeall cúil de chnapchnámha a bhí i bhfoirm zig-zag air. Bhí an triceratops trom le cosa láidir. Bhí crúb bheag ag deireadh gach méar nó barraicín.

**NÓ**

**(b)** **Dear agus múnlaigh sa chruinne saothar a mheabhraíonn na línte seo a leanas duit:**

Bhuail mé le Bean ar na móinéir
Bean álainn, páiste sióige
Bhí a cuid gruaige fada, bhí a siúil éadrom,
Bhí a cuid súile fiáin.

(John Keats)

**NÓTA:** ***Ní mór na múnlaí a dhéanamh le cré agus iad a theilgean nó iad a mhúnlú go díreach in ábhar ar bith a thiomaíonn go tapa nó iad a mhúnlú le cré agus a bhácáil agus, más mian leat é, iad a ghlonrú.***